Acaill

Ar 4.30 a.m. maidin Dé Luain seo caite, d'ḟág Seán S. Ó Gallċoḃair, Corrán, le'n a ċomrádaí, Seán D. Macnamara, Pollaċ, Dún na Séad, insan tráiléar nua 50 troiġ, a ḃí ceannaiṫe ag an Uasal Ó Gallċoḃair, ar an ḃealaċ na ḃaile go hAcaill. Taoḃ amuiġ de Ceann Ċiarraí, ṫáinig an ceo anuas orṫa agus ċaiṫ siad ancaire go raiḃ coḋla acu lasmuiġ de Oileáin Árainn. Ṡeol siad isteaċ go Cloċ na Rón, fá ċoinne gléasraí ⁊ bia, agus ḃí siad ag caiṫeaṁ ancaire taoḃ amuiġ do ṗointe Dairbre, Cloċ Ṁór, díreaċ ag 4.30 p.m. ar an Ṁáirt, 36 uair taréis díoḃa Dún na Séad do ḟágaint. Ar fad, ní raiḃ siad aċ 30 uair ag gluaiseaċt, agus is mór an molaḋ dá n-éirġeaċt mar máirnéalaí, naċ raiḃ rud ar biṫ a ċuaiġ mí-ċeart ar an slí.

Mar adúramar roiṁe san ṗáipéar seo, is mór an gníoṁ creidim ceannaċ an tráiléir seo, le radar agus echo-sounder agus na gléasraí is nua, agus taispeáineann sé an misneaċ agus an sracaḋ atá i Seán Ó Gallċoḃair agus an dóċas atá aige go n-éiróiḋ leis. Ċaiṫ sé suas post tairḃeaċ le tuarastal árd i Sasana, agus is breá an rud duine óg mar é a ḟeiceáil, a ḃfuil dóċas aige ina ṫír féin.

Tá a ċomrádaí, Seán D. Macnamara, taréis seolaḋ timpeall ċósta na hÉireann ar fad anois, aċ aṁáin píosa beag ó Acaill go dtí na Cealla Ḃeaga. Tá súil againn go leanfaiḋ tuilleaḋ do ḟir óga Acaill, an sompla atá an ḃeirt seo a ṫaḃairt, nó tá saiḃreas le tógáil ó ḟarraigí na hÉireann, ar an taoḃ ṫiar, aċ cur ċuige leis na gléasraí is nua.

Agus dála an scéil, naċ ḃfuil áḃar smaointe ann, má ṫig le beirt tráiléir 50 troiġ a ṫaḃairt ó Dún na Séad go Acaill in 36 uair, cinnte tá áḃar maċnaiṁ ann gur féidir i ḃfad níos mó tráċt cósta a ḃeiṫ ar siúl ar ċósta ṫiar na hÉireann in áit an iompar costasaċ atá ann ar talaṁ. Gan dabṫ ar biṫ, tá caoi an ṁór fá ċoinne méadú agus méadú substaineaċ ar an méid tráċt a níṫear ar an ċósta ṫiar.

Ní minic a ṫugann na scadáin cuairt go hAcaill sa ġeiṁreaḋ, aċ tóg Tomás Mac Cillḃáin, 12 crán do scadáin Diardaoin seo caite. Doíladh iad go léir insan ċeantar ar an Aoine, lá an Aonaiġ.

Tá Corn Scannláin faoi lán tseol anois, agus Dé Doṁnaiġ seo caite, ḃí na curaiḋ, Naoṁ Seosaṁ, ag imirt leis an Corrán, agus Naoṁ Uinsionn ag imirt i gcoinniḃ Cill Daṁnait. Fé mar a ḃí measta, ḃí an láiṁ in uaċtar ag Naoṁ Seosaṁ agus Naoṁ Uinsionn, aċ ḃí cluiċe crua ar fad ann.

Tá Cumann Béarla Aċla ċun dráma Ḃéarla a ċur ar an árdán an mí seo ċugainn "The Year of the Hiker". Ar na daoine atá in foireann an Ċumainn tá Máiréad agus Siúḃán Ní Ġallċoḃair, Máirín Ní Ċaṫáin, T. Mac Seáin, P. S. Mac Ḟionntaiġ agus P. Mac Páidín.

Ḃí an céilí bliantúil do Ċumann na Múinteoirí in halla na paráiste, Gob a' Ċoire, Dé Ceadaoine. Banna Ċeoil Céilí Baile na Cille, Gailliṁ, a ṫug an ceol.

Donnċa Ó Gallċoḃair, Caṫaoirleaċ, Éamonn Ó Ceallaiġ, S. Macnamara, agus B. Seoiġe, a ḃí mar ionadaiṫe ṫar ċeann Cumann Aċla, ar Comḋáil Condae Ṁuiġeo, agus ḃótáil siad fá ċoinne an ban a ċoiméad.

Comġáirdeaċas le Béra Ní Ṁóráin, An Corrán, a ḃuaiġ comórtas cocaireaċt éisc, ṫar ċeann meánscoil Gob a' Ċoire, ag na triálaċa condae in cocaireaċt éisc, i gCaisleán an Ḃarraiġ, Dé Máirt seo ċaite.

Léiġeaḋ Aifreann Solúnta na Marḃ i Séipéal Cill Daṁnait Dé Ceadaoin, ar son Ṁáirtín Mac an Ṁáistir, Eastéim, a ḃáiṫeaḋ le ṫaisme, ar an Doṁnaċ, an 17ú lá. Ní ḃfuarṫas lorg ar biṫ den ċorp go fóill.

Ḃí cruinniú cionn ḃliana de Ċumann na Múinteoirí in Acaill an tseaċtain seo ċaite nuair a toġaḋ Caṫaoirleaċ, P. Seoiġe, Dóirín; leas-ċaṫaoirleaċ, Nóra Bean Uí Linnín; rúnaí-cisteoir, P. Ó Conḃaiġ; teaċta don Ċomḋáil agus don Ċoiste Condae, P. Mac Seáin, Duḃ Éaga. Cuireaḋ rún comḃróin i ḃfeiḋm le gaolta Ṁíċíl Ṁic Eafarcaiġ, O.S., Béal Fearsaid.

Ar na gardaí nua a ṫáinig amaċ as an ionad traenála ag Teampall Mór an tseaċtain seo caite ḃí an Garda Pádraig Ó Baoill, Cloċ Ṁór agus Míċeál Ó Gallċoḃair, Corrán. Tá an Garda Ó Baoill ar stáisiún i nGailliṁ agus an Garda Ó Gallċoḃair ins na Cealla Beaga, Tír Ċonaill. Nímid comġáirdeaċas leo.

Léiġ Pádraig Ó Conḃaiġ, B.A., O.S., litir ar "An Bealaċ Críostaí" ag cruinniú na bPádraigíní i nGob a' Ċoire. Ḃí an tAṫair Mac Eoin, S.C. i gceannas agus ḃí díospóireaċt ḃríoṁar faoi.

Is iontaċ an rud is féidir le bainistíoċt éifeaċtaċ a ḋéanaṁ nuair atá fonn dul ċun cinn orṫa. Ċeana féin, tá an monarca nua breagán plastic ag Béal Áṫa an Ḟeaḋ, ag dul ar aġaiḋ i ḃfad níos fearr ná mar a ceapaḋ ariaṁ. Trí seaċtainí ó ṡin, fuair siad ordú i margaḋ Ċanada ar fiú £20.000 fá ċoinne bréagáin a rinneaḋ ina monarcan i mBéal Áṫa an Ḟeaḋ, agus an tseaċtain seo caite, de ḃárr taispeántas an tarrantaċ ar fad a ḃí acu ag Harrowgate, fuair siad ordaiṫe de iomlán £122,000. Dá ḃárr seo, tá siad ag taḃairt arais iomlán na n-oiḃriṫe a ċaill a gcuid obair de ḃárr an cáin 15 p.c. agus beagnaċ oiread eile lena ċois. Ḃí cuid den ṁonarcan ag obair 24 uaire sa lá. Cé'n ċaoi ḃfuil an scéal le Gaeltarra Éireann. ⁊ na monarcain insan Spidéal agus Cuan Eile agus Croiċṡlí? Leis an caḃair agus tacaíoċt, agus an eagraíoċt atá taoḃ ṫiar díoḃa, nár ċeart go mbeaḋ siad seo ⁊ margaḋ doṁanda acu, agus iad ábalta obair a ṫaḃairt do iomlán an pobail ins na ceantraċa seo.

Ḃéiḋ an ċéad ċluiċe ag Muiġeo insan Ċraoḃ Comórtas peil sinnsear Ċonaċt i gcoinniḃ Roscomáin ar an 13ú de Ṁeiṫeaṁ. Beiḋ an cluiċe ag Roscomáin. Tá bealaċ saor ag Gailliṁ isteaċ ċuig Craoḃ Ċluiċe Connaċt a ḃéas ar siúl ar an 18ú Iúil. Má ḃaineann Muiġeo insan ċéad ċluiċe, beiḋ siad ag imirt i gcoinniḃ Sligeaċ nó Roscomáin ar an 27ú Meiṫeaṁ.

Ag Cúirt Dúiċe Gob' a Ċoire, cúisíoḋ Aindrias Ó Coragáin, Sáile. as paisnéirí a iompar ar luaċ saoṫair, ar an 23ú lá do ṁí na Saṁna, gan ceadúnas aicní. Dúirt an Sáirsint Cillóóráin gur stop sé an cárr ag dul tríd Gob a' Ċoire agus go ḃfuair sé seaċtar ó Sáile ann. Ní raiḃ ceadúnas aicní ag an ċosantóir agus ní raiḃ na daoine a ḃá iompar aige ag obair dó. Ní raiḃ áraċas aige fá ċoinne paisnéirí. Dúirt Séamas Duiḃir, Sáile, go dtug an cosantóir ċuig an doras i Maolraiṫne é, agus aḃaile arís, aċ níor íoc sé é as an aistir. Ag freagairt an Giúistís. dúirt sé gur diúltaiġ an cosantóir airgead a glacaḋ ar an turas. Caiṫeaḋ amaċ an cás.

Ḃí cruinniú de Cumann Iascairí, Acaill, in halla na paráiste Dé Doṁnaiġ, agus toġaḋ na h-oifigí seo: Caṫaoirleaċ, An tAṫair Mac Annraoi. S.C., rúnaiṫe, D. Ó Gallċoḃair agus Pádraig Cillḃán; coiste, L. S. Mac Suiḃne, P. Mac Suiḃne, T. Ó Gormáin. S. Ó Corragáin, T. Cillḃán, Ó. Ó Gallċoḃair S. S. Ó Gallċoḃair, B. Needham agus S. Ó Doṁnaill. Cuireaḋ rún i ḃfeiḋm ag iarraiḋ ar Ḃord Iascaiġ Ṁara storas éisc ag Greens Pier a ċeannaċt ó C.I.É. agus é a ċóiriú.

Bánú na Tuaiṫe — Faḋb Pleanál

(Ar lean.)

1.—Níl sé riaċtanaċ ná iomṁolta an tuaṫ a ḃeiṫ ag éirí cosúil leis an gcaṫair. Tá tuaṫ agus baile riaċtanaċ dá ċéile agus do ḃeaṫa an náisiúin. Séard tá le déanaṁ ná coṁairle an Pápa Eoin a leanúint. agus an oiread de ḋeacraċtaí neaṁ-riaċtanaċa a saoil agus is féidir, a ċur ar ċeal.

2. Caiṫfear na sráid - ḃailte beaga a sáḃáil, cé gur cosúil go mbeiḋ crot nua ar fad orṫa. Is ionnta a cónaíonn iad siúd atá ag braṫ go díreaċ ar an dtalaṁ.

3. Tá toraḋ ċeana féin ar ṫaiġde atá ar siúl maidir le bánú na tuaiṫe, go h-áiṫrid san Íseal Tír. Tá sé cruṫaiṫe sa tír sin gur féidir an talaṁ is measa ar biṫ a ḟeaḃsú agus é ḋéanaṁ torṫúil; gur féidir torṫúlaċt talaiṁ eile a ardú go mór agus teaċt isteaċ fiúntaċ a ṡoláṫar dóiḃ siúd atá ag braṫ ar an ḃfeirmeoireaċt.

4. Is léir naċ féidir iomlán na breise de ṗobal na tuaiṫe a ċoṫú go díreaċ ar an ḃfeirm san am atá ag teaċt. fiú aṁáin má cleaċtíṫear dian-ḟeirmeoireaċt nó fás torṫaí agus glasraí. Tá gá le géag-tionscalaċ freisin, monarcanna a úsáid feaḋ torṫaí na talún. éisc na háite agus mar sin de.

5. Tá sé riaċtanaċ buntaistí an tsaoil nua a ṫaḃairt ċoṁ coṁgaraċ do ṁuintir na tuaiṫe agus is féidir. Níl slí ar biṫ eile ċun sin a ḋéanaṁ aċ baile mór a ṫógáil, baile ina mbéaḋ áiseanna siopadóireaċta, oideaċais agus cultúrḋa de ċaiġdean ard.

Má tá uainn an taoide a casaḋ ní mór pleanáil ċuige anois. Tá pleanáil eacnomiciúil ar scála náisiúnta ag teastáil agus san am céanna pleanáil fisiciúl — an rud ar a ṫugaimid de gnáṫ ṫleanáil Baile agus Tuaiṫe. An té ar mian leis cuidiú san obair ṫeastóḋ uaiḋ fadbanna na ndaoine a ṡaoṫraíonn an talaṁ a ṫuiscint go maiṫ. Níor ṁór dó staidéir faoi leiṫ a ḋéanaṁ ar an gceanntar áiriṫe a mbéaḋ cúram a ṗleanála air, ḃáiḋ a ḃeiṫ aige leis an bpobal, agus a stair a ḃeiṫ ar eolas aige mar ní ḟéadfaḋ sé timpeallaċt oiriúnaċ álainn a ṡoláṫar dóiḃ gan a ċroí a ḃeiṫ san gnó i gan na daoine agus a ḃfuil uaṫa a ṫuiscint go h-iomlán.

I gcás na hÉireann cuirim i gcás. ḃéaḋ sé fánaċ duine ar biṫ (cuma ċoṁ hoilte is a ḃéaḋ sé ar slite eile) a ċur i mbun pleanála an Iarṫair muna raiḃ seal tugṫa aige ag cónaí ina measc, nó ar a laġad eolas doiṁin aige ar a gcóras sóisialta agus ar an gcultúr agus an dúċas Gaelaċ. Caiṫfeaḋ sé creidiúint gur fiú, agus gur riaċtanas náisiúnta é, an pobal breá seo a ċoiméad agus a aṫ-ṗréaṁú ina dtír féin. Tá súil agam go dtuigfiḋ luċt pleanála, ailtirí, innealtóirí. an freagarṫaċt atá orṫa le linn na práinne náisiúnta seo, agus naċ ḃfuilid ró-tógṫa suas le forbairt Ḃaile Áṫa Cliaṫ ⁊ cósta an Oirṫir. Tá súil le Dia agam go n-éisteoċaiḋ siad le h-aṫċuinge an Dr. Ó Luasa, Easpag Ċorcaí, is é ag caint le pobal in Iarṫar a ḟairċe tamall ó ṡoin. Taréis dó impí ar ḟeirmeoirí an ċeanntair greim daingean a ċoiméad ar a dtalaṁ, lean sé.

'Sooner or later, the planners will see the light. The tide will turn and the peasant farmer will come into his own again' (26).

Go luathaidh Dia an lá sin.

Nóta:

(26) Ó aitheasc a thug Easbog Chorcaí agus Rosa ag doras, Bealtaine, 1964.

6.—Aguisín

An uiṁir oiḃriṫeoirí a ḃéaḋ ar fáil do ṫionscail in Iarṫar Ċorcaí.

Tá daonra an ċeanntair seo tuitiṫe ó'n 120.000 a ḃí ann céad bliain ó ṡoin go dtí 41,000 insan daonáireaṁ deireannaċ. Creidim go mbéaḋ sé indéanta, aċ feaḃas a ċur ar an dtáirgiú-talṁaíoċta agus fostaíoċt a ċur ar fáil i monarcanna áitiúla, an daonra a ḃí ann i 1860 a ċoṫú arís. Sin é an sprioc-ḋaonra a ba ċóir a ċur roiṁ an luċt pleanála. Séard a ḃéaḋ i gceist an figiúr sin a ṡroisint i gceann 20 bliain; sa mbliain 1974 ba ċóir go mbéaḋ daonra de 80,000 in Iarṫar Ċorcaí agus ar ṫeaċt na bliana 1984 béaḋ an 120,000 ann. agus é déanta suas mar leanas:

A.—Pobal Tuaiṫe 75.000.
B.—Pobal Baile 45,000

(Maidir le B, ḃéaḋ 20,000 sa Sciobairín méaduiṫe, 5,000 an ceann i mBeanntraí. i nDún Meán Ṁuí, in Druim Dá Liag, Scoil Ṁuire agus i mBaile Ċaisleáin Ḃéarra).

Is mar leanas, creidim, a ḃéaḋ na figiúirí do ṫionscail sa mbliain 1984 coṁ-ḋéanta:

Baile	Pobal Iomlán	Ag obair i dtionscail
An Sciobairín	20,000	4,000
Beanntraí	5.000	1,000
Dún Meán Ṁuí	5.000	1,000
Scoil Ṁuire	5,000	1.000
Baile Ċ. Ḃéarra	5,000	1,000
Druim Dá Liag	5.000	1,000
	45.000	9,000

(Leanfar de)

Comġáirdeaċas

Ċeadaiġ Coiste Gairm-Oideaċas Dún na nGall do P. Ó Gallċoḃair, B.Agr.Sc., Béal Áṫa Seanaiġ, freastal ar cúrsa staidéara i mBaile Áṫa Cliaṫ, faoi oideaċas leanúnaċ do iar-scolairí gairmscoltaċa, atá ag obair ar feirmeaċa. Níl aċ oċtar múinteoirí a ṗiocaḋ ar fud na tíre go léir fá ċoinne an ċúrsa seo.

Dé hAoine—5.01, The Spanish Musket. 5.30, Songs With Guitar. 5.45, Seaports, Ships and Cargoes. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Break for Music. 8.1, A Harp Through Six Centuries. 8.15, A Munster Journal. 8.45, An Botun. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Around the Town.

Dé Sathairn — 10.25, Weather land v. England. 4.35, After the Match. 5.1, Organ Tunes. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Who's News? 7.15, Song Bag. 7.45, This Week at the United Nations. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, The Maureen Potter Show. 9.1, The R-E-L-O Show. 9.45, Good Evening, Friends! 10.30, Ceili House.

Dé Domhnaigh—10.25, Weather Forecast. 10.30, High Mass. 11.15, Signpost. 12.30, The Mass and the People. 1.0, The Maureen Potter Show. 1.35, Provincial News Round up. 2.0, Town Hall Tonight. 2.45, Topic. 3.15, Ceolta Tire. 3.25, Soccer: F.A.I. Cup. 5.15, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Soccer Survey. 6.55, Newspoint. 7.15, An Sagart Linn. 7.20, The Seventeen Club. 8.0, Nuncle. 9.0, A Concert from the South. 9.30, The Yeats We Knew. 10.0, Gaelic Sports News. 10.30, Music of the Nation. 11.0, Record Report.

Dé Luan—5.01, The Crow With the Golden Beak. 5.15, Amhrain Do Phaisti. 5.30, As You Like It. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 8.1, Wandering Woody Guthrie. 8.30, The Great Maria Edgeworth. 8.45, Modern Anthology. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Ceili Music from Munster. 10.45, City Newsreel.

Dé Mart—5.01 The Spanish Musket. 5.30, Ar Fud na Tire. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Report on Attested Store Cattle Sales; Announcements. 6.45, A Job of Journeywork. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Radio Eireann Singers. 8.1, A Woman's World. 8.30, Mi-Bhuiochas. 9.1, Symphony Concert. 9.55, Records. 10.30, Requests from Overseas. 10.50, The Dorian Wind Quintet. 11.15, Thanks for the Memory.

Dé Ceadaoin—5.01, Peep and Wocko. 5.15, Records For Children. 5.30, Junior Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Cattle Market Report; Announcements. 6.45, Merry-Go-Round. 7.30, Favourite Records of Famous People. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Adnaidh. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Came the Dawn.

Deardaoin—5.01, Eibhlin agus na Prionsai. 5.15, Amhrain Leis an gCruit. 5.30, La Salle and the Mississippi. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Fleadh Ceoil an Radio. 7.15, Annso is Annsud sa Mhumhain. 7.30, Old Saint Paul's 8.1, Disc Likes and Dislikes. 8.30, Between Ourselves. 9.1, A Home of Their Own. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Idir Oiche agus La. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Composing For Young People.